



Fáilte go Umeå – Cathair Eorpach an Chultúir 2014

Le hoscailt *Future Flows Through Us*, cuirfidh Umeå bunéirim Chathair Eorpach an Chultúir i láthair don bhliain ar fad. Beidh na céadta imeachtaí ar siúl – féilte, léirithe amharclainne, ceoldráma, litríocht, scannáin, ealaín, spórt agus tuilleadh nach é.

Cheap Comhairle an Aontais Eorpaigh Umeå ina Cathair Eorpach an Chultúir 2014. Is í aidhm an AE go léireodh cathracha an chultúir an éagsúlacht chultúrtha, go méadóidh siad malartuithe agus go músclóidís spéis i saibhreas cultúrtha na hEorpa. Ba í an Aithin an chéad Chathair Eorpach an Chultúir sa bhliain 1985. Inniu, ceaptar dhá chathair gach bliain agus is í Ríge an chathair eile atá ceaptha don bhliain 2014.

Roghnaíodh Umeå chun an chathair sin agus tuaisceart na Sualainne a dhéanamh níos sofheicthe san Eoraip agus leas a bhaint as an gcultúr chun forbairt réigiúnach a chur ar aghaidh. Is ar Umeå is mó a bheifear ag díriú ach beidh áiteanna eile sa réigiún céanna bainteach leis chomh maith.

Cathair na mBeitheanna

Tá Umeå suite i gcúige Västerbotten i dtuaisceart na Sualainne agus cónaíonn tuairim is 118,000 duine ann. Is iomaí limistéar oscailte caitheamh aimsire atá sa chathair agus ní bhíonn an dúlra i bhfad uait riamh ann. Gar d'Umeå gheofar tránna, lochanna, foraoisí agus raonta bogshodair, agus sa gheimhreadh gheofar rianta sciála agus fánaí sciála. Is nós le muintir Umeå an rothar a úsáid mar ghnáthmhodh iompair toisc nach mbíonn i bhfad le dul acu agus toisc raonta rothair a bheith i ngach áit, nach mór.

Scríosadh mórchuid d'Umeå i ndóiteán sa bhliain 1888. Tar éis atógáil na cathrach, cuireadh beitheanna feadh na sráideanna ionas nach bhféadfadh dóiteán eile scaipeadh. Sin an bunús atá le Cathair na mBeitheanna a thabhairt ar Umeå.

Saol saibhir cultúrtha

Tá Ollscoil Umeå ar cheann de na hollscoileanna is mó sa tSualainn. Meallann sí mic léinn, múinteoirí

agus taighdeoirí ó gach cearn den domhan. Tá meánaois lucht na cathrach íseal go leor, de bharr líon na mac léinn. Ar bhruacha Abhainn Umeå tá Campas Ealaíon a thairgeann clár oideachais ar thús cadhnaíochta sa dearadh, san ealaín agus san ailtireacht. Is ann atá Bildmuseet, músáem a bhfuil cáil air as a bailiúchán ealaíne comhaimseartha.

Tá saol saibhir cultúrtha ag Umeå de bharr an oiread sin amharclann, músáem agus ionad ceoil a bheith ann, Norrlandsoperan, mar shampla. Bíonn mórchuid féilte idirnáisiúnta ann gach bliain agus tá na cumainn chultúrtha ann an-ghníomhach. Lena chois sin, tá raidhse bannaí ceoil sa chathair agus cáil idirnáisiúnta ar chuid acu.

Comhchruthú

Ocht séasúr atá i gclár Umeå mar Chathair Eorpach an Chultúir, de réir fhéilire na Sami. Is iad na Sami an t-aon phobal dúchais san AE agus cuid de Thalamh na Sami, nó Sápmi, is ea Umeå.

Cuid thábhachtach de bhliain Chathair an Chultúir Umeå is ea an comhchruthú. Cuirtear fáilte roimh dhuine ar bith ar mian leo bheith páirteach agus cuidiú leis an gclár. Eagróidh cumainn, eagraíochtaí, institiúidí cultúrtha agus gníomhaithe eile gníomhaíochtaí sa bhliain 2014 le tacaíocht ó Umeå2014. Ar an tslí sin leanfaidh cuid de thionscadail chathair an chultúir ar aghaidh tar éis 2014.

Cuid d'fhorbairt na cathrach san fhadtéarma – idir chultúrtha agus shóisialta – is ea Umeå2014 agus is tríd a chruthófar áiteanna cruinnithe

Gheobhaidh tú clár iomlán Umeå mar Chathair Eorpach an Chultúir i Sualainnis agus i mBéarla ag www.umea2014.se.